

13839/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0232(COD)**

**CODEC 1817
SOC 637
EMPL 370
SAN 705****NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochthead do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 18 Iúil 2025, chuir an Coimisiún a thogra¹, atá bunaithe ar Airteagal 153(2), pointe (b), in éineacht le hAirteagal 153(1), pointe (a) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 23 Deireadh Fómhair 2025².
3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.
4. An 6 Deireadh Fómhair 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún³. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

¹ 11823/25 + ADD 1 go 5.

² IO C, C/2026/73, 30.1.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2026/73/oj>.

³ 13631/26

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhu go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 54/26 é, a fhormheas mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Ghearmáin ag vótáil ina choinne agus an Pholainn ag staonadh.
6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.
7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
